Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13119/23**

**LIMITE**

**CORLX 875**
**CFSP/PESC 1262**
**CSDP/PSDC 651**
**CSC 451**
**COEST 513**
**CIVCOM 229**
**EUM ARMENIA 9**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú agus tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine maidir le stádas Mhisean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le síniú agus tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine maidir le stádas Mhisean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA)**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 37 de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) agus (6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Eanáir 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/162[1] lena mbunaítear misean de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA).

(2) An 20 Feabhra 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/386[2] lenar seoladh EUMA.

(3) An 28 Márta 2023, d'údaraigh an Chomhairle Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na hAirméine d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le stádas EUMA.

(4) Rinneadh comhaontú a chaibidil idir an tAontas agus Poblacht na hAirméine ar bhonn an údaraithe a dheonaigh an Chomhairle an 28 Márta 2023.

(5) Ba cheart an Comhaontú idir an tAontas agus Poblacht na hAirméine maidir le stádas Mhisean Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUPM) a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2023/162 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 maidir le misean de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) (IO L 22, 24.1.2023, lch. 29)

[2] Cinneadh (CBES) 2023/386 ón gComhairle an 20 Feabhra 2023 lena seoltar misean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/162 (IO L 53, 21.2.2023, lch. 17)



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine maidir le stádas Mhisean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) ('an Comhaontú') a fhormheas thar ceann an Aontais[1+].

*Airteagal 2*

Leis seo, údaráítear Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú, chun an tAontas a cheangal.

*Airteagal 3*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 19(2) den Chomhaontú[2].

---

**1** Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in... [IO: Cuir isteach, le do thoil, tagairt IO an Chomhaontaithe a fhaightear in ST13121/23].

\+ Toscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST13121/23.

**2** Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.



PUBLIC

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC